

Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí: Gaeilge

Speech Participation and Activity Assessment of Children: Irish
VRAE (CEISTEANNA) (QUESTIONS) (McLeod, 2004)

Aistrithe ag: O'Malley, M.P., Ollscoil na Gaillimhe, An tSeirbhís Aistriúcháin, Ollscoil na Gaillimhe, Ní Chonghaile, Í., HSE, & O'Toole, C., Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Éire, 2023

Translated by: O'Malley, M.P., Ollscoil na Gaillimhe, An tSeirbhís Aistriúcháin, Ollscoil na Gaillimhe, Ní Chonghaile, Í., HSE, & O'Toole, C., Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Éire, 2023

Tá na ceisteanna seo a leanas á gcur le heolas a bhailiú faoin tionchar a bhíonn ag deacrachtaí urlabhra ar shaol páistí. Tá ceisteanna curtha ar fáil do dhaoine tábhachtacha éagsúla (an páiste, tuismitheoirí, deartháireachta agus deirfiúracha, múinteoirí, agus cairde) ar leathanaigh éagsúla. Is féidir leat na foirmeacha seo a thabhairt do na daoine sin más cuí. Nó is féidir leat agallamh a chur orthu nó rólímirt a dhéanamh agus a gcuid freagraí a thaifeadadh. Roghnaigh na daoine a mheasann tú a thabharfaidh an t-eolas is úsáidí agus roghnaigh na ceisteanna a bhfuil tábhacht ar leith leo sa chomhthéacs áirithe seo.

[Séanadh: Tá an fhoirm seo aistrithe go foirm chaighdeánach Ghaeilge againn. Muna dtuigeann an t-agalláí de bharr chúiseanna canúintí, is féidir leat an cheist a athrá trí úsáid a bhaint as focail eile chomh fada agus a fhanann brí na ceiste mar a chéile].

The following questions are designed to collect information about the impact of speech difficulties on children's lives. Questions are provided for different significant people (the child, parents, siblings, teachers, and friends) on different pages. You may give these forms to these people if appropriate. Otherwise, you may wish to interview or role-play and record their answers. Select the people who you think will provide the most useful information and select the questions that seem particularly relevant.

Is féidir an leagan seo de Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí a chóipeáil.
This version of the *Speech Participation and Activity Assessment of Children* can be copied.

Tá SPAA-C á cheadúnú faoi Creative Commons License <https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/>.
SPAA-C is licensed under the Creative Commons License <https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/>.

Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí (SPAA-C): Páiste

Speech Participation and Activity Assessment of Children (SPAA-C): Child

Ainm an pháiste (Child's name): _____

Dáta breithe an pháiste (Child's date of birth): _____ Buachaill/Cailín (Male/Female): _____

An teanga/na teangacha a labhraíonn sé/sí (Language(s) spoken): _____

Dáta an lae inniu (Current date): _____ Aois an pháiste (Child's age): _____

A. Ceisteanna don pháiste (Questions for the child)

1. Cad iad na rudaí is mó a thaitníonn leat a dhéanamh? Sa bhaile? Ar scoil/sa naíonra?
(What are your favourite things to do? At home? At school/preschool?)
2. Cad iad na cluichí/na cineálacha spóirt a imríonn tú? (What games/sports do you play?)
3. Cad iad na rudaí a bhfuil tú go maith ag déanamh? (What are you good at?)
4. Cén duine ar mhaith leat a bheith ag súgradh leis/léi? (Who do you like to play with?)
5. Dá ndéarfadh Mamaí agus Daidí “Cad ba mhaith leat a dhéanamh?” leat, cad a dhéanfa agus cé a thabharfa leat?
(If Mum and Dad said “What do you want to do?” what would you do and who would you take?)

Do chairde (Your friends)

6. Cén duine ar maith leat a bheith ag súgradh leis/léi? (Who do you like to play with?)

Scoil/naíonra (School/preschool)

7. Cén rud a bhfuil spraoi ag baint leis ar scoil/ar an naíonra? (What is fun for you at school/preschool?)
8. Cén rud is fearr faoin scoil/naíonra? (What is the best thing about school/preschool?)
9. Cad atá deacair duit ar scoil/sa naíonra? (What is hard for you at school/preschool?)
10. An mbíonn daoine ag spochadh asat riamh ar scoil/sa naíonra? (Do you ever get teased at school/preschool?)

Do chuid cainte (Your talking)

11. Cén duine ar mhaith leat a bheith ag caint leis/léi? (Who do you like to talk to?)
12. Cathain a thaitníonn sé leat bheith ag caint le daoine? (When do you like to talk to people?)
13. Cá huair nach maith leat a bheith ag caint le daoine? (When don't you like to talk to people?)
14. An síleann tú go bhfuil difríocht idir do chuid cainte agus caint páistí eile?
(Do you think your talking is different from other children's?)
15. An mbíonn daoine ag magadh fút riamh faoi do chuid cainte? Cad a deir siad?
(Do you ever get teased about your talking? What do people say?)
16. An dtarlaíonn sé go minic go n-iarrann daoine ort rud a rá arís? Conas a mhothaíonn tú nuair a tharlaíonn sin?
(Do people often ask you to say things again? How does this make you feel?)
17. Cad a dhéanann tú nuair nach dtuigeann daoine thú? (m.sh., an leanann tú ort ag triail, an athraíonn tú do theachtaireacht, an stopann tú, an dtagann fearg ort?)
(What do you do when people don't understand you? (e.g., keep trying, change your message, give up, get cross))

Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí (SPAA-C): Páiste

Speech Participation and Activity Assessment of Children (SPAA-C): Child

Ainm an pháiste (Child's name): _____

Dáta breithe an pháiste (Child's date of birth): _____ Buachaill/Cailín (Male/Female): _____

An teanga/na teangacha a labhraíonn sé/sí (Language(s) spoken): _____

Dáta an lae inniu (Current date): _____ Aois an pháiste (Child's age): _____

	Sona (Happy)	Idir eatarthu (In the middle)	Brónach (Sad)	Mothúchán eile (Another feeling)	Níl a fhios agam (Don't know)
1. Conas a mhothaíonn tú faoin gcaoi a labhraíonn tú? (How do you feel about the way you talk?)					?
2. Conas a mhothaíonn tú nuair a labhraíonn tú leis an gcar is fearr leat? (How do you feel when you talk to your best friend?)					?
3. Conas a mhothaíonn tú nuair a labhraíonn tú le [do dheartháireacha agus do dheirfiúracha]? (How do you feel when you talk to your [brothers and sisters]?)					?
4. Conas a mhothaíonn tú nuair a labhraíonn tú le [do mháthair agus le d'athair]? (How do you feel when you talk to your [mother and father]?)					?
5. Conas a mhothaíonn tú nuair a labhraíonn tú leis na múinteoirí atá agat ar scoil/sa naíonra? (How do you feel when you talk to your [pre]school teachers?)					?
6. Conas a mhothaíonn tú nuair a chuireann do chuid múinteoirí ceist ort? (How do you feel when your teachers ask you a question?)					?
7. Conas a mhothaíonn tú nuair a labhraíonn tú leis an rang ar fad? (How do you feel when you talk to the whole class?)					?
8. Conas a mhothaíonn tú nuair a bhíonn tú ag súgradh leis na páistí ar scoil/sa naíonra? (How do you feel when you play with the children at [pre]school?)					?
SCÓR ☺ iOMLÁN (TOTAL ☺ SCORE) =	/8				
9. Conas a mhothaíonn tú nuair a bhíonn tú ag súgradh i d'aonar? (How do you feel when you play on your own?)					?
10. Conas a mhothaíonn tú nuair nach dtuigeann daoine an méid atá á rá agat? (How do you feel when people don't understand what you say?)					?

Is féidir an leagan seo de Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí a chóipeáil.
This version of the *Speech Participation and Activity Assessment of Children* can be copied.

Tá SPAA-C á cheadúnú faoi Creative Commons License <https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/>.
SPAA-C is licensed under the Creative Commons License <https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/>.

Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí (SPAA-C): Deartháireacha/deirfiúracha

Speech Participation and Activity Assessment of Children (SPAA-C): Siblings

Ainm an pháiste (Child's name): _____

Ainm an dearthár/na deirféar (Sibling's name): _____

Dáta breithe an dearthár/na deirféar (Sibling's date of birth): _____ Buachaill/Cailín (Male/Female): _____

An teanga/na teangacha a labhraíonn sé/sí (Language(s) spoken): _____

Dáta an lae inniu (Current date): _____ Aois an dearthár/na deirféar (Sibling's age): _____

B. Ceisteanna do na deartháireacha/na deirfiúracha (Questions for siblings)

1. Inis dom faoi do dheirfiúr/do dheartháir. (Tell me about your sister/brother.)
2. Cén rud is maith leat faoi do dheirfiúr/do dheartháir? (What do you like about your sister/brother?)
3. Cad iad na rudaí is maith libh a dhéanamh le chéile? (What do you like doing together?)
4. An bhfuil deacracht ag do dheirfiúr/do dheartháir le haon rud?
(Is there anything your sister/brother has trouble with?)
5. Cad a dhéanann tú nuair nach dtuigeann tú do dheirfiúr/do dheartháir?
(What do you do when you don't understand your sister/brother?)

Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí (SPAA-C): Cairde

Speech Participation and Activity Assessment of Children (SPAA-C): Friends

Ainm an pháiste (Child's name): _____

Ainm an chara (Friend's name): _____

Dáta breithe an chara (Friend's date of birth): _____ Buachaill/Cailín (Male/Female): _____

An teanga/na teangacha a labhraíonn sé/sí (Language(s) spoken): _____

Dáta an lae inniu (Current date): _____ Aois an chara (Friend's age): _____

C. Ceisteanna do chairde (Questions for friends)

1. Inis dom faoi do chara. (Tell me about your friend.)
2. Cén rud a thaitníonn leat faoi do chara? (What do you like about your friend?)
3. Cad iad na rudaí is maith libh a dhéanamh le chéile? (What do you like doing together?)
4. An bhfuil aon rud ann a mbíonn deacracht ag do chara leis? (Is there anything your friend has trouble with?)
5. Cad a dhéanann tú nuair nach dtuigeann tú do chara? (What do you do when you don't understand your friend?)
6. Ar thug tú cuireadh do do chara teacht chuig do theachsa le bheith ag súgradh? An raibh tusa ag súgradh riamh ag teach do chara? Inis dom cad a rinne sibh.

(Have you invited your friend to your house to play? Have you played at your friend's house? Tell me about what you did.)

Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí (SPAA-C):

Tuismitheoirí

Speech Participation and Activity Assessment of Children (SPAA-C): Parents

Ainm an pháiste (Child's name): _____

Ainm an tuismitheora (Parent's name): _____ Dáta an lae inniu (Current date): _____

D. Ceisteanna do na tuismitheoirí (Questions for parents)

Do pháiste (Your child)

1. Labhair liom faoi do pháiste. (Tell me about your child.)
2. Cad is maith le do pháiste a dhéanamh? (What does your child like to do?)
3. Cad iad na rudaí atá tábhachtach i saol do pháiste agus do theaghlaigh? (What is important to your child and your family?)
4. Cad iad gnáth-imeachtaí na seachtaine atá agaibh? Cé hiad na daoine ar fad a mbeadh do pháiste ag caint leo i rith gnáthsheachtaine?
(What would be a typical weekly timetable? Who are all the people your child would speak to within a normal week?)
5. An dtugtar cuireadh dó/di chuig tithe páistí eile le bheith ag súgradh/an dtugtar cuireadh dó/di chuig cóisirí lae breithe?
(Does s/he get invited to play at other children's homes/invited to birthday parties?)
6. An bhfuil aon rud ann a mbíonn do pháiste thar a bheith míshona/thar a bheith brónach/thar a bheith feargach faoi?
(Is there anything that makes your child particularly unhappy/sad/angry?)

Urlabhra do pháiste (Your child's speech)

7. Déan cur síos ar urlabhra do pháiste. (Describe your child's speech.)
8. Cad iad na difríochtaí a thugann tú faoi deara idir urlabhra do pháiste i gcomparáid le hurlabhra a d(h)eartháireacha agus a d(h)eirfiúracha agus a c(h)airde maidir leis an méid seo a leanas:
(What differences do you notice about your child's speech compared to his/her siblings and friends regarding:)

 - a. An méid cainte a dhéanann sé/sí (The amount of talking)
 - b. A mhéad a thuigtear é/í (How well s/he is understood)
 - c. Comhthéacsanna ina mbíonn sé/sí compordach ag caint agus daoine a mbíonn sé/sí compordach ag caint leo (Contexts and people where s/he is comfortable talking)
 - d. Comhthéacsanna ina mbíonn sé/sí míchompordach ag caint agus daoine a mbíonn sé/sí míchompordach ag caint leo (Contexts and people where s/he uncomfortable talking)

9. Nuair nach dtuigeann daoine do pháiste: (When your child isn't understood:)

 - a. Cad a dhéanann do pháiste? (What does your child do?)
 - b. Cad a chuidíonn leis/léi, dar leat? (What do you find helps?)

10. Cad iad na rudaí a bhfuil do pháiste go maith ag déanamh agus nach gá dá c(h)uid cainte a bheith go maith le hiad a dhéanamh?

(What things is your child good at that do not require him/her to speak well?)

An tionchar atá ag an deacracht urlabhra atá ag do pháiste air/uirthi (The impact of your child's speech difficulty)

11. Cén tionchar is mó atá ag deacracht urlabhra do pháiste air/uirthi sa bhaile agus ar scoil?

(What is the biggest impact of your child's speech difficulty at home and school?)

12. Conas a chuireann an deacracht urlabhra srian leis/léi? (How does her speech difficulty limit him/her?)

13. Ar fágadh ar lár é/í ó shuímh shóisialta de bharr a c(h)uid urlabhra?

(Has s/he been excluded from social situations because of his/her speech?)

14. Cad iad na nithe a dhéanann do theaghlach lena chinntiú go mbíonn do pháiste curtha san áireamh i suímh shóisialta?

(What things does your family do to ensure your child is included in social situations?)

15. Cén tuiscint atá aige/aici ar an deacracht urlabhra atá aige/aici agus cá mhéad frustrachais a chuireann an deacracht urlabhra sin air/uirthi? An dtagann náire air/uirthi faoina c(h)uid urlabhra?

(How aware/frustrated is she about his/her speech difficulty? Does s/he get embarrassed about his/her speech?)

16. Ar thug tú faoi deara difríochtaí idir leibhéil éagsúla muiníne agus leibhéil éagsúla scileanna cumarsáide sna suímh seo a leanas: ag amanna béilí, ar scoil, le cairde, le seantuismitheoirí agus le baill eile den teaghlach, i mbun caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí eile? (Have you observed differences between different confidence levels and communication skills

at: mealtimes, school, with friends, with grandparents and other family members, during hobbies and other activities?)

17. Conas a ghlacann daoine eile le do pháiste? (How do other people react to your child?)

18. Cad atá ráite ag daoine eile leat faoi urlabhra do pháiste? (What have others told you about your child's speech?)

19. An dtagann frustrachas/náire ort faoi urlabhra do pháiste? (Do you get frustrated/embarrassed about your child's speech?)

20. Cad iad na spriocanna ba mhaith leat a bhaint amach maidir le scileanna cumarsáide do pháiste?

(What goals would you like to achieve with your child's communication skills?)

Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí (SPAA-C):

Múinteoirí

Speech Participation and Activity Assessment of Children (SPAA-C): Teachers

Ainm an pháiste (Child's name): _____

Ainm an mhúinteora (Teacher's name): _____ Dáta an lae inniu (Current date): _____

E. Ceisteanna do mhúinteoirí (Questions for teachers)

1. Labhair liom faoin bpáiste seo. (Tell me about this child.)
2. Déan cur síos ar a c(h)uid urlabhra. (Describe his/her speech.)
3. Cad é chomh maith agus a chuireann an páiste seo é/í féin in iúl? (How well does this child get his/her message across?)
4. An féidir leat cúpla sampla a thabhairt d'uaireanta a mbíonn ar an bpáiste seo labhairt nuair a bhíonn sé/sí ar scoil?
Mar shampla, leatsa, le múinteoirí eile, le daltaí eile, os comhair an ranga (Can you give me some examples of when this child has to speak at school? For example, with you, with other teachers, with other students, in front of the class.)
5. An mbíonn sé/sí páirteach i ngníomhaíochtaí ranga/grúpa? (Does s/he participate in class/group activities?)
6. An bhfreagraíonn sé/sí ceisteanna sa rang? (Does s/he answer questions in class?)
7. An dtugann sé/sí eolas as a stuaim féin sa rang? (Does s/he volunteer information in class?)
8. An mbíonn sé/sí páirteach i dtaispeáint agus insint/i scéalta nua a roinnt? (Does s/he participate in show and tell/news?)
9. An iarrann sé/sí cúnamh? (Does s/he ask for help?)
10. An gcuireann sé/sí tús le comhrá le páistí agus múinteoirí eile? (Does s/he initiate conversations with other children and teachers?)
11. An bhfuil tionchar ag a c(h)uid urlabhra ar a c(h)uid foghlama agus ar a c(h)uid litearthachta (léamh agus litriú)?
(Does his/her speech affect his/her learning and literacy (reading and spelling)?)
12. An bhfuil a c(h)uid urlabhra ag cur srian ar chomh páirteach agus a bhíonn sé/sí sa scoil? (Does his/her speech limit his/her involvement in school?)
13. Conas a mhíníonn an páiste rudaí duitse/do dhaoine eile? (How does the child explain things to you/to others?)
14. Cad a chuidíonn leat an rud atá á rá aige/aici a thuiscint? (What helps you understand what s/he says?)
15. Cad a dhéanann tú nuair nach dtuigeann tú é/í? (What do you do when you don't understand him/her?)
16. An mbíonn daoine ag magadh faoi ar scoil? (Is s/he teased at school?)
17. Cad a dhéanann an páiste seo i gcás coimhlinte? (How does this child react to conflict?)
18. An bhfuil modh foghlama nó stíl foghlama ar leith ann a thaitníonn leis an bpáiste seo thar chinn eile?
(Does this child have a preferred modality of learning or a particular learning style?)
19. Conas is féidir linn oibriú le chéile chun tacú le cumas cumarsáide an pháiste seo ar scoil?
(How can we collaboratively work together to support this child's communication competence at school?)

Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí (SPAA-C):

Tuismitheoirí

Speech Participation and Activity Assessment of Children (SPAA-C): Others

Ainm an pháiste (Child's name): _____

Ainm duine eile (Other person's name): _____

Gaol leis an bpáiste (Relationship to child): _____

Dáta an lae inniu (Current date): _____

F. Ceisteanna do dhaoine eile (Questions for others)

1. Labhair liom faoin bpáiste seo. (Tell me about this child.)
2. Conas a phléann an páiste seo leatsa agus le daoine eile? (How does this child interact with you and others?)
3. Cad é chomh maith agus a chuireann an páiste seo é/í féin in iúl? (How well does this child get his/her message across?)
4. An mbíonn sé deacair ort an páiste seo a thuiscint? (Do you have difficulty understanding this child?)
5. Cad a chuidíonn leat an rud atá á rá aige/aici a thuiscint? (What helps you understand what s/he says?)
6. Cad a dhéanann tú nuair nach dtuigeann tú é/í? (What do you do when you don't understand him/her?)

Is féidir an leagan seo de Measúnú Rannpháirtíochta agus Gníomhaíochta Urlabhra ar Pháistí a chóipeáil.

This version of the *Speech Participation and Activity Assessment of Children* can be copied.

Tá SPAA-C á cheadúnú faoi Creative Commons License <https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/>.

SPAA-C is licensed under the Creative Commons License <https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/>.